CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

| | |
|---|---|
| Title | An duine aonair agus an pobal beag i saothar Mháirtín Uí Chadhain |
| Authors | NI Riain, Isobel |
| Publication date | 2019-09 |
| Original Citation | NI Riain, I 2019, 'An duine aonair agus an pobal beag i saothar Mháirtín Uí Chadhain', Béascna, vol. 11, pp. 76-91. < https://iris.ucc.ie/live/!W_VA_PUBLICATION.POPUP?LAYOUT=N&OBJECT_ID=499779012 > |
| Type of publication | Article (peer-reviewed) |
| Link to publisher's version | https://iris.ucc.ie/live/!W_VA_PUBLICATION.POPUP?LAYOUT=N&OBJECT_ID=499779012 |
| Rights | © 2019, the Author. |
| Download date | 2026-09-21 12:34:21 |
| Item downloaded from | https://hdl.handle.net/10468/18579 |

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# An duine aonair agus an pobal beag
# i saothar Mháirtín Uí Chadhain

*Isobel Ní Riain*

**Abstract**

In this article I discuss the plight of the individual in some examples of Máirtín Ó Cadhain's work. Sociologists such as Tönnies and Durkheim generalised about the traits of traditional communities. I attempt here to show that Máirtín Ó Cadhain gives a very different portrayal of life in such communities. Some of his characters are downtrodden, as illustrated by their relationship to the shop and shopkeeper. Others by contrast, stand tall and give the shopkeeper very little satisfaction. Others still lambaste the shopkeeper and all the pillars of the community. The importance of the shop in Ó Cadhain's work should not be underestimated. It acts as a prism through which we can see the social relations and interdependence of Ó Cadhain's characters.

## Réamhrá

An leibhéal síceolaíoch den eispéireas daonna a bhíonn i gceist i saothar Mháirtín Uí Chadhain dar le Louis de Paor (1991). Tá sé i gceist agam gnéithe áirithe den tsocheolaíocht i saothar Mháirtín Uí Chadhain (1906–1970) a phlé anseo. Is minic a dhéantar idéalú agus simpliú ar an bpobal beag traidisiúnta i réimse na socheolaíochta. Tá a leithéid déanta ag an socheolaí Gearmánach Ferdinand Tönnies (1855–1936) (Ní Riain 2002; 2017) agus ag an socheolaí Francach Émile Durkheim (1858–1917). Is cineál útóipe an pobal beag – *community* – rud atá caillte ach a bhféadfaí teacht arís air (Delanty, in Ní Riain 2017, 35). Tá suim mhór blianta caite agam ag déanamh taighde ar litríocht na Gaeilge i solas theoiricí Tönnies. Tá fúm síneadh a chur leis an obair sin trí theoiricí áirithe de chuid Durkheim a chur san áireamh anseo. Teastaíonn uaim cur leis an ndioscúrsa atá ann cheana maidir leis an bpobal beag faoin dtuath sa tír seo agus atá pléite agam sa leabhar *Carraig agus Cathair* (2002).

Táid ann a déarfaidh nach n-oireann teoiricí Tönnies ná teoiricí Durkheim d'anailís ar shaol na tuaithe sa tír seo. B'fhéidir go bhfuil méid áirithe den cheart acu, ach dar liom go bhfuil gnéithe áirithe de theoiricí na beirte sin a chabhraíonn linn i gcónaí tuiscint níos doimhne a fháil ar chumhacht an phobail bhig thraidisiúnta sa tír seo suas le déanaí. Bhain Tönnies úsáid as an téarma *Gemeinschaft* agus an pobal beag faoin dtuath á phlé aige.

Phléigh mé tréithe an *Gemeinschaft* go mion in áiteanna eile (Ní Riain 2002; 2017). Dar liom go gcuireann ceann de na téarmaí a shamhlaítear le Durkheim, is é sin an dearcadh comhchoiteann, nó '*collective consciousness*', go mór lenár dtuiscint ar an bpobal beag, ar an *Gemeinschaft*. Seo an meon a bhíonn chun tosaigh sa phobal beag traidisiúnta, dar le Durkheim, agus is é a bheidh á phlé agam san alt seo. Is í an cheist a bheidh á freagairt agam ná – cén léargas a thugann cuid de scéalta Uí Chadhain dúinn ar an dearcadh comhchoiteann? Is é an sainmhíniú a thugann Durkheim ar an gcoincheap seo ná:

> The totality of beliefs and sentiments common to the average members of a society forms a determinate system with a life of its own. It can be termed the collective or common consciousness … Individuals pass on, but it abides (Durkheim 1984, 38–39).

D'fhéadfaí a rá go mbíonn teacht chun cinn an duine aonair, mar dhuine ar féidir leis nó léi machnamh a dhéanamh go neamhspleách ar an bpobal, le feiscint i gcuid de na gearrscéalta is fearr a scríobh Máirtín Ó Cadhain ar shaol na tuaithe. Feicimid Bríd ar a slí go dtí an chathair sa scéal 'An Bóthar go dtí an Ghealchathair', ag machnamh ar a saol agus ar na pleananna atá aici don todhchaí (Ó Cadhain 1984; BGC). Braitheann sí as alt le muintir an bhaile, baile a fir chéile. Machnamh Bhríd a bhíonn ann ó thosach deireadh an scéil cé is moite de chorr-ráiteas ó na daoine a mbuaileann sí leo ar an tslí. Dráma dhuine aonair atá ag strachailt le fórsa atá i bhfad níos treise ná í féin atá á stáitsiú anseo. Is é an fórsa seo ná an pobal ina bhfuil sí ina cónaí. Braitheann sí coimhthíoch sa chomhthéacs seo. Ní bhaineann sí leis na daoine seo ó dhúchas. Phós sí isteach san áit. Ní féidir léi cara a aimsiú i measc na ndaoine seo. Dála Mhuiréide sa scéal 'Ciumhais an Chriathraigh', bíonn guthanna an phobail le cloisteáil ag Bríd ag siúl di (Ó Cadhain 2004; 'Ciumhais'). Bíonn an saol laethúil, na comhráite éagsúla, ag rith trína hintinn. An té a bhíonn ag siúl nó ag obair leis nó léi féin, bíonn sé nó sí ag machnamh (Ní Riain 2015, 48). Fiú nuair nach mbíonn an pobal i láthair in aon chor, fós bíonn an pobal agus tuairimí an phobail ag dul i bhfeidhm ar charachtair Uí Chadhain. Is geall le héalú ón bpobal an t-aistear a dhéanann Bríd chun na cathrach gach seachtain. Fágann sí an teach go luath ar maidin, timpeall ar a ceathair a chlog, mar sin bíonn sí léi féin sa dorchadas. Bíonn saoirse aici machnamh a dhéanamh ar a saol: 'B'annamh di ionú a fháil lena smaointe a dhéanamh de bharr cruóige, cantal clainne agus comhluadair' (BGC: 122). Fós féin is minic go mbriseann an pobal isteach ar a smaointe mar is mar gheall ar na daoine go bhfuil aithne aici orthu a bhíonn sí ag smaoineamh. Dealraíonn sé go bhfuil cuid mhór de

na daoine a mbíonn sí ag plé leo – an siopadóir, an táilliúir, Taimín Thomáis agus eile – ar an mbóthar chomh maith léi an lá sin.

Samhlaíonn Durkheim dlúthpháirtíocht mheicniúil, '*mechanical solidarity*', leis an bpobal beag traidisiúnta. De réir na teoirice seo, tuigtear go maireann an dlúthphobal toisc na cosúlachtaí atá le sonrú idir na baill. Ní thagann ann do dhifríochtaí idir daoine dar le Durkheim go dtí go dtagann riar na hoibre, '*division of labour*', ar an bhfód i gcómhthéacs cathrach, tionsclaíoch (Durkheim 1984, 229; Coser 1984, xiv–xv; Ní Riain 2002, 14–15). Ní bhaineann indibhidiúlacht leis an bpobal beag traidisiúnta, dar leis. Is féidir a rá nach duine aonair sa chiall nua-aimseartha den téarma sin, is é sin indibhid, aon duine de na carachtair a bheidh á bplé anseo agam. Is baill den phobal iad. Géilleann siad ar fad do riachtanaisí an phobail:

> Contrary to what occurs in organisms, this independence was not a primitive fact in societies, since originally the individual was swallowed up in the group. Yet we have seen that independence appears later and progresses steadily with the division of labour, as a sequel to the regression of the collective consciousness (Durkheim 1984, 229).

Nuair a léimid litríocht ó na Gaeltachtaí éagsúla, is léir go mbíodh daoine níos oilte ná a chéile maidir leis na jabanna éagsúla a bhí le déanamh acu. Dar le Tomás Ó Criomhthain, bhí a athair féin ábalta ar gach aon cheird a dhéanamh fad is a bhí daoine eile ar an Oileán gan eolas ar bith (2002, 3). Bhí fíodóir ar an mBlascaod nuair a phós Peig Sayers isteach san Oileán, bhí sí cáirdiúil lena bhean chéile (Sayers 2003, 138–39). Luaitear táilliúir sa scéal 'An Bóthar go dtí an Ghealchathair'; tá airgead aige ar Bhríd agus tá sí ag iarraidh é a sheachaint (BGC: 126). Tá an siopadóir agus an máistreás poist luaite go mionmhinic sa saothar *Cré na Cille* (Ó Cadhain 1996; '*Cré*'). Luaitear an siopadóir go minic freisin sa scéal 'An Bóthar go dtí an Ghealchathair'. Ní raibh gach éinne ag plé leis an obair chéanna mar sin ná baol air i litríocht na Gaeltachta. Is é Máirtín Ó Direáin is mó a thugann pictiúr idéalach dúinn den phobal beag faoin dtuath (Ní Riain 2002, 31); tá a mhalairt de phictiúr cruthaithe ag Tomás Ó Criomhthain faoina phobal oileánda féin (Ní Riain 2017, 35–42). Oireann teoiric Tönnies go maith do chur chuige Uí Dhireáin, dar liom, pointe atá pléite agam sa leabhar *Carraig agus Cathair* (2002) tríd síos. Tá teoiric Durkheim in úsáid agam san alt seo maidir le cuid de shaothar Uí Chadhain toisc go dtuigtear dom go bhfuil tuiscintí le baint as an gcoincheap sin '*mechanical solidarity*' a léiríonn cás Bhríd sa scéal 'An Bóthar go dtí an

Ghealchathair' agus cás Mhuiréide sa scéal 'Ciumhais an Chriathraigh.' Pobal beag faoin gcré atá mar ábhar san úrscéal *Cré na Cille*. Arís cabhraíonn teoiric Durkheim linn sa chás seo chomh maith dinimic an phobail bhig a shoiléiriú.

**An ball aonair den phobal ag fulaingt**

Is léir ó na scéalta 'An Bóthar go dtí an Ghealchathair', 'Ciumhais an Chriathraigh', 'An Taoille Tuile'(O Cadhain 1984; TT) agus 'An Bhearna Mhíl' (O Cadhain 1984; BM) go mbíonn na carachtair ag fulaingt i gcomhthéacs an phobail bhig, *mechanical society* Durkheim, agus go mbíonn orthu géilleadh don phobal cuid mhaith. Níl aon rogha eile acu. Bíonn cuid de charachtair Phádraic Uí Chonaire agus Liam Uí Fhlaithearta ag fulaingt freisin den easpa saoirse seo (Ní Riain 2017, 36). Tá na carachtair seo á slogadh isteach sa ghrúpa mar a deir Durkheim sa sliocht thuas. Bíonn neamhspleáchas níos mó ag daoine sa chathair nuair a bhíonn riar na hoibre i bhfeidhm dar le Durkheim. Ach an mbíonn? Ní thagann carachtair chathracha Uí Chadhain slán i gcónaí ach chomh beag. Ní bhíonn saoirse ar bith ag J. agus é ag feidhmiú mar chuid den Státseirbhís sa scéal 'An Eochair' (Ó Cadhain 1986; 'Eochair'). Tá J. chomh mór sin ina sclábhaí go bhfanann sé ina phríosúnach san oifig tar éis dó eochair an dorais a bhriseadh in ionad éalú ón áit toisc nach féidir leis dochar a dhéanamh do threalamh na Státseirbhíse. Bhí taithí ag Ó Cadhain ar obair na Státseirbhíse faoi mar a bhí ag Máirtín Ó Direáin. Rinne an bheirt acu cur síos diúltach ar an saghas seo oibre. Dar leis an Direánach ní bheadh rian fágtha de na státseirbhísigh tar éis a gcuid oibre go léir ach 'carnán trodán/faoi ualach deannaigh' (Ó Direáin 1984, 12). Thuig Durkheim go bhféadfadh easpa brí agus easpa dlúthpháirtíochta teacht ar an bhfód mar gheall ar riar na hoibre. Ghlaoigh sé *anomie* ar an bhfadhb seo (Durkheim 1984, 304). Tá J. go hiomlán faoi smacht ag córas oibre na Státseirbhíse faoi mar atá na státseirbhísigh eile a oibríonn leis. 'Páipéar-choinneálaí' a ghlaonn an Cadhnach ar J. agus deir sé gur 'páipéar í an Státseirbhís' (Eochair: 203). Ba dhóigh leat ar an méid seo nach fiú faic aon rud a bhíonn i dtaobh le páipéar. 'Carnán trodán' Uí Direáin thuas a bhíonn ann sa deireadh. D'fhéadfaí a áiteamh go mbíonn cur síos á dhéanamh ag an gCadhnach ar easpa brí, nó *anomie*, i gcás na tuaithe chomh maith. Tá cur síos ar an leadrán agus ar an sclábhaíocht síoraí a bhaineann le saol na tuaithe sa scéal 'Fios' (Ó Cadhain 2004; 'Fios'). D'fhéadfaí a rá, is dóigh liom, gurb é an duine nach mbaineann leis an obair seo a thugann an easpa brí sin faoi deara. Dóibh siúd a bhaineann leis an saol sin, b'fhéidir go bhfuil an-dealramh leis an rud ar fad. Tugann an sliocht seo a leanas léiriú an-éifeachtach ar an bpointe seo: 'Chuaigh sé in aghaidh an bhaile. Rinne sé drochdhaoine uile

go léireach dhínn' (Fios: 33). Sa chás go dtéann ball amháin den phobal in aghaidh dlíthe an phobail sin, beidh sé i mbéal an phobail agus é á cháineadh go tiubh.

Níl cúrsaí oibre dubh agus bán, mar sin, i saothar Uí Chadhain. Ní i gcónaí a shamhlaíonn an Cadhnach brí leis an obair a bhíonn ar siúl sa phobal beag faoin tuath ach chomh beag le hobair na cathrach. Obair gan rath is ea obair Mhuiréide, mar is léir don léitheoir nach n-éireoidh léi an criathrach a dhraineáil go deo. Ba bhreá léi é a bheith le rá fúithi gur thriomaigh sí an criathrach agus go gcuimhneofaí uirthi mar gheall air sin: 'É a thriomú. Cuid suntais a dhéanamh dhe. An saol a chur ag caint air amhail is dá mba ar niamhinín é, nó ar éachtmhac' (Ciumhais: 46). Ach dealraíonn sé go bhfaighidh an criathrach an lámh in uachtar uirthi: 'Agus ba shin é saothar tubaisteach a lae! An cumhdach a réabadh de thiobrad thoirmeasctha a croí agus a dhul ar snámh sa tuile dhorcha a dhóirt as. Míshásamh. Mianta fraochmhara. Eagla i riocht úr' (ibid., 61). Ní léir an é an fásra nó Muiréad féin atá á múchadh ag an gcriathrach sa sliocht seo:

> Ní inniu ná inné ná oíche na bainise a tháinig na gearbóga míofara seo. Síolrú amach a rinneadar as giodán fialusach nárbh eol di a bheith inti féin go dtí anois. Ba é a raibh dhe gur éirigh clúid den cheo den chriathrach, in imeacht meandair, agus gur nocht os a cóir an scrath ghlogair ina raibh sí dhá múchadh … (Ciumhais: 57).

Tá a saol á chur amú aici faoi mar atá saol na státseirbhíseach á chur amú. Tá coimhlint in intinn Mhuiréide. Sna scéalta seo ar fad leanann an córas ar aghaidh bíodh go bhfuil príomhcharachtar an scéil míshásta. Níl aon smacht ag an gcarachtar sin ar an saol agus is cuma saol na tuaithe nó saol na cathrach a bheith i gceist. Tá cuid de charachtair Uí Chadhain gan chumhacht. Sa scéal 'An Gheis' (Ó Cadhain 1984; 'Geis'), éiríonn le Neile deireadh a chur leis an sceach gheal atá á crá le blianta; ach ní hionann é sin is a rá go n-éalaíonn sí ó smacht an phobail. Cinnte is rud é an phiseog atá cruthaithe ag an bpobal, ach tá Neile fós ina ball umhal den phobal céanna ag deireadh an scéil (Geis: 33). Éireoidh sí as an siopa mar beidh a mac ag saothrú di mar mhúinteoir scoile (ibid., 30). Beidh Neile chomh fite fuaite isteach i saol an phobail agus a bhí riamh. Sa scéal 'Críonadh na Slaite' (Ó Cadhain, 1984; 'Críonadh'), tá an chuma ar chúrsaí go dteastaíonn ón reacaire dul i bhfeidhm ar an bpobal ag an rince; teastaíonn uaidh a chruthú dóibh gur fear é, bíodh nach bhfuil sé á bhearradh féin fós. Tá sé i gceist aige é a seo a chur i gcrích trí iarraidh ar Nóra Mhór Phádraig Neile cead a thabhairt dó í a thionlacan abhaile: 'Bheinn sna fir dáiríre!' (Críonadh: 58) Ní fhaigheann sé cead uaithi é seo a dhéanamh an oíche sin toisc go bhfuil sé ró-óg, dar léi. Níl ann ach

‘grabairín de ghasúr!’ (ibid., 59) Cúig bliana déag ina dhiaidh sin tá sé fuirist an cead sin a fháil uaithi os rud é go bhfuil sí ‘fágtha ar an trá thirim’ (ibid., 61); níor pósadh í agus ní fhaigheann sí aon chuireadh chun damhsa lasmuigh den chuireadh a fhaigheann sí ón reacaire. Cé gur féidir le baill den phobal beag a bheith bróidiúil agus misniúil agus iad óg, sa deireadh bíonn an lámh in uachtar ag an bpobal agus cuirtear an mórtas faoi chois. Muna bpósann baill an chórais seo fágtar i leataobh iad. Ba bhreá linn a cheapadh, b’fhéidir, gur phós Nóra Mhór agus an reacaire. Tá deireadh an scéil fágtha oscailte ag an gCadhnach. An mbeadh ceachtar acu sásta lena leithéid de phósadh? Sa domhan atá cruthaithe ag an gCadhnach, ní dócha go mbeadh.

**Brú an phobail**

Dar le Durkheim go bhfuil an dlúthpháirtíocht mheicniúil bunaithe ar chosúlachtaí idir daoine sa phobal traidisiúnta. Ní bhíonn gach carachtar ag Ó Cadhain sa phobal beag a chruthaíonn seisean cosúil lena chéile. Sin í an fhadhb a bhíonn ag cuid acu. Táid éagsúil le baill eile an phobail. Bíonn brú orthu iad féin a chur in oiriúint don phobal. In ‘An Bóthar go dtí an Ghealchathair’, níl Bríd ar a suaimhneas i measc mhuintir an bhaile nua aici. In ‘An Taoille Tuile’, tá Mairéad as alt leis na Loideánaigh (TT: 42). Níl sí déanta ar an obair atá riachtanach anois ó phós sí Pádraig. Níl Nóra i ngrá lena fear céile in ‘An Bhearna Mhíl’; níos measa fós, tá sí i ngrá le Beairtlín (BM: 113). In ‘Ciumhais an Chriathraigh, tá Muiréad ag lorg grá collaí nach bhfuil teacht aici air san áit iargúlta ina bhfuil sí ina cónaí (Ciumhais: 46–47). Géillfidh siad go léir, áfach. Fiú amháin dá mbeadh fonn orthu troid in aghaidh an phobail agus in aghaidh an tsaoil atá ag síneadh amach rompu, ní éireodh leo. Tá an pobal róláidir. Beidh an bua ag an bpobal beag agus cuirfear an dlúthpháirtíocht mheicniúil i bhfeidhm ar ais nó ar éigean. Taispeánann scéalta Uí Chadhain go bhfuil brí le teoiric Durkheim, bíodh nach mar a chéile ar fad an tuiscint atá ag an mbeirt údar ar an bpobal beag. Bhí Durkheim ag féachaint ar an bpobal beag ón taobh amuigh, ach bhí Ó Cadhain ag féachaint air ón taobh istigh.

San úrscéal *Cré na Cille*, tá smacht an phobail cloíte. Tá cead cainte anois ag cách. Níl éinne ag brath ar éinne eile cé go bhféadfaí a rá go bhfuil siad ag brath ar a chéile chun an t-am a mheilt. Fiú má tá, is léir go bhfuil córas nua i réim. Níl comhar ná meitheal i bhfeidhm sa chill. Tá deireadh leis an dlúthpháirtíocht mheicniúil. Tá gach éinne ag tochras ar a cheirtlín féin beag beann ar a chomharsa. Níl baint ar bith ag cúrsaí creidimh le ‘saol’ na cille. Baineann na sagairt agus na coinnle agus na searmanais go léir leis an saol os cionn talún. Níl neamh ná ifreann á bplé anseo. Níl ann ach caint, gearán agus caitheamh aimsire.

De réir a chéile faigheann siad go léir tuiscint níos fearr fós ar a chéile ná mar a bhí acu agus iad beo. Ní théann an t-eolas seo chun sochair don mháistir nuair a chloiseann sé go bhfuil a bhean athphósta cé gur gheall sí dó nach bpósfadh sí go deo arís dá bhfaigheadh sé féin bás. Tá Caitríona Pháidín á céasadh ag gach píosa eolais a thagann chuici sa chill mar gheall ar a deirfiúr, Neil, atá ag dul ar aghaidh sa tsaol. Tugann an t-úrscéal seo brí nua don fhrása rud a bheith 'i mbéal an phobail' – is iad na béil amháin atá ábalta gníomhú sa chill, is í an chaint an t-aon aicsean dá bhfuil sa leabhar. Ach ní ag labhairt as béal a chéile atáid sa chill: tá guthanna éagsúla, contráilte le clos. A mhalairt ar fad a fhaighimid i g*Cré na Cille* den phobal aontaithe a shamhlaítear de ghnáth le *Gemeinschaft* Tönnies. Tá an 'leibhéal' atá le feiscint sa tsaothar *Ár Leithéidí Arís* (Ua Maoileoin 1978, 37), agus go bhfuil samplaí de le fáil sa tsaother *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin* (Ní Shúilleabháin 2002, 162 agus Ní Riain 2016, 202–03), ag teacht go maith leis an maslú a fheicimid i g*Cré na Cille* nuair a bhíonn na corpáin in adharc a chéile faoin gcré mar gheall ar gach mionrud. Sampla amháin de sin ná an cur síos a dhéanann Caitríona Pháidín ar Nóra Sheáinín, atá ag iarraidh a bheith mór leis an máistir agus dul ar aghaidh "sa tsaol" faoin gcré. Ní raibh "Nóirín na gCosa Lofa" ar scoil riamh, dar le Caitríona, agus ní aithneodh sí "an tA.B.C", ach seo anois í ag iarraidh ligint uirthi go bhfuil suim aici sa litríocht, litríocht na Fraincise anuas air sin! (*Cré*: 23–24)

Sa chomhphobal a bhí i gceist ag Durkheim bhí daoine faoi smacht ag an dlúthpháirtíocht mheicniúil, ach is é an dlúthpháirtíocht seo a ligeann don phobal teacht slán mar phobal. Is sa mhéid go mbíodh daoine ag brath ar a chéile agus ag cabhrú lena chéile a d'éiríodh leo constaicí an tsaoil a shárú. Bíonn an duine brúite síos sa chóras seo mar a chonaiceamar i gcás charachtair Uí Chadhain. Bíonn muintir na tuaithe thíos le riachtanaisí an phobail i saothar Uí Chadhain, ach bíonn muintir na cathrach ag fulaingt chomh maith, dála J. sa scéal *An Eochair*. Is fíor a rá gurb í fulaingt an duine, bíodh sé ina chónaí faoin dtuath nó sa chathair, ceann de na mórábhair a chíorann Ó Cadhain.

**An siopa**

Táim chun féachaint anois ar ghné amháin dá shaothar go gcuirim féin suim ar leith inti – an siopa. Léiríonn an cur síos a dhéanann an Cadhnach ar thábhacht an tsiopa sna pobail bheaga a chruthaíonn sé an tslí ina bhfeidhmíonn na pobail sin. Bíonn Bríd buartha mar gheall ar Mike an tSiopa sa scéal 'An Bóthar go dtí an Ghealchathair' (BGC: 124, 141). Bíonn leithéidí Bhríde ag brath ar airleacan a fháil ón siopadóir. Bíonn Caitríona an-dian ar Shiúán an tSiopa san úrscéal *Cré na Cille* as ucht a cuid caimiléireachta (*Cre*: 87) agus na trí

phraghas éagsúla a bhíonn ar earraí sa siopa ag brath ar stádas eacnamaíochta a cheannaitheora. Daoine cumhachtacha, lochtacha, ab ea úinéirí siopaí sa domhan seo. Ba dhaoine iad a bhí i gcónaí ag iarraidh buntáiste a bhreith ar dhaoine bochta. Téann Muiréad sa scéal 'Ciumhais an Chriathraigh' go dtí an siopa ar an Luan sa tóir ar bhágún. Faigheann sí gach rud eile ón siopa taistil. Tá an turas seo go dtí an siopa an-tábhachtach ina saol. Marcálann sé tosach na seachtaine di.

Tá tábhacht an tsiopa sa phobal beag aitheanta ag antraipeolaithe mar Hugh Brody sa leabhar *Inishkillane*. Leabhar ceannróideach ab ea an leabhar seo ina dtugann Brody léargas ar an bpobal beag in Éirinn. Sa leabhar seo ní leagtar béim ar an siopa mar áit ina mbíonn airleacan ar fáil – is mar áit sóisialta ina mbuailfeá le daoine eile ón gceantar a fheictear é. Tá sé deacair dúinn sa lá atá inniu ann tábhacht an tsiopa a thuiscint, b'fhéidir, toisc nach mbíonn le déanamh ag muintir na tuaithe anois ach léim isteach sa charr agus aghaidh a thabhairt ar aon bhaile is mian leo. Ní mar sin a bhí sna seascaidí agus sna luathseachtóidí, an tréimhse atá á plé ag Brody. Bhí an saol sóisialta srianta i gcónaí ag an am sin. Téann mná óga go siopa Michael Ryan in Inishkillane ag lorg comhluadair:

> Michael's, acting as focus as well as shop, has a quite differently composed 'society'. Women meet in the shop: for them it is the place outside home where they can go whenever they like without offending against the deeply felt privacy which surrounds farm houses. There they spend many hours choosing things they need to buy, gossiping with the shopkeeper's wife and family, meeting with friends. The shop offers women exactly what the bar offers bachelors and farmers: an alternative to isolation at home (Brody, 1973: 161–62).

Ní bhíonn Muiréad ag lorg airleacain – ag lorg comhluadair a bhíonn sí siúd (Ciumhais: 39). Tá an turas a thugann Muiréad ar an siopa gach Luan riachtanach di. Tugann sé struchtúr don tseachtain. Buaileann sí le daoine eile ann. Ceannaíonn sí fíorbheagán ann ach is ócáid sóisialta í atá tábhachtach di: 'Inniu, den chéad uair, a thuig sí go follasach gurbh fhearsaid riachtanach ina saol an turas ar an siopa gach maidin Luain …' (Ciumhais: 37–38). Suíonn Muiréad síos ar mhála bran nuair a bhíonn sí sa siopa. Fanann sí go dtí go mbíonn na daoine eile 'riartha'. Ní nós le daoine na laethanta seo suí síos agus iad i siopa, ach gan amhras bíonn daoine in ann a n-earraí a phiocadh amach dóibh féin anois. San am sin bhí ar an siopadóir gach rud a dhéanamh don chustaiméir lasmuigh den chuntar. Tá draíocht éigin ag baint leis

an siopa i samhlaíocht Mhuiréide. Bíonn sí ag súil le bheith ann, le bheith i measc na mban óg eile:

> B'oilithreacht fhuascailteach an turas sin, a thugadh go barr binne gaofaire í, as gabháltas cúng a lae agus as criathrach caoch a seachtaine …
>
> Phreab a hintinn treasna an chriathraigh mhóir go dtí an mála bran a suíodh sí air i siopa Bhun Locha. Ba shólás a bheith i gcamhaoineach an tsiopa bhig aon fhuinneoige dhá biaú féin ar na haislingí a raibh tuilleadh agus a ndíol díobh ag daoine eile …
>
> Earrach, Fómhar, beithígh, maistrí, díogaí … (Ciumhais: 38)

Faigheann Muiréad léargas ar shaol na mban ó na mná óga seo sa siopa. Is mná iad a phós agus a thug páistí ar an saol. Ní dócha go bhfuil a leithéid i ndán do Mhuiréad. Tá Muiréad tar éis a saol a cheangal le hobair gan chríoch, tá sí ag iarraidh portach a thriomú. Obair gan dealramh, b'fhéidir.

> Ba shin iad freisin monadh comhrá ban Chill Ultáin agus an Chinn Thiar a thigeadh chuig an Íclainn i mBun Locha lena gcuid leanbh. Ní shamhlaítí do Mhuiréad, ag éisteacht di leis na mná ag ceiliúr sa siopa, gurbh ar leithéid a hEarraigh, ná a beithígh ná a díogaí féin a bhídís ag trácht. Ba ar Earrach, beithígh agus díogaí é as tréimhse sul ar briseadh na slata draíochta: Earrach, beithígh agus díogaí anall ón aimsir ghil aerach úd roimh theacht dise ar an saol … (Ciumhais: 38).

Radharc isteach i saol eile do Mhuiréad an turas seachtainiúil ar an siopa. Seasann comhluadar an tsiopa don phobal beag, don sibhialtacht, don saol sóisialta, nithe nach bhfuil ar fáil ar chiumhais an chriathraigh. Radharc isteach i saol na mban is ea an turas seo chomh maith. Bíonn na mná seo i láthair i dtithe nuair a bhíonn leanaí ag teacht ar an saol iontu. Bíonn siad ag caint leo féin maidir leis na cúraimí seo sa siopa. Ní bhíonn Muiréad i láthair sna tithe seo agus ní féidir léi pairt a ghlacadh sna comhráite seo. Tá sí dúnta amach, ar shlí, as réimse tábhachtach de shaol na mban. Is maighdean ise i gcónaí. Níl eolas ceart aici ar an saol. Ní cailín óg í Muiréad agus fós ní bean í. Tá sí idir eatarthu ó thaobh stádais sóisialta de.

Is ionann í agus an "'boy' of  forty" a ndearna Hugh Brody trácht air (Brody 1973, 113). Dar le cuntas Brody, ba bhuachaill i gcónaí é an fear nach raibh pósta, fiú agus é daichead bliain d'aois.  Chuireadh an dochtúir an cheist orthu, an raibh tinneas clainne orthu féin, nuair a bhíodh na mná bailithe sa tigh ina mbeadh páiste ag teacht ar an saol; dheinidís gáire mór agus bhídís ag caint os íseal lena chéile ina dhiaidh sin:

> Ansin ligeadh an bhantracht, as béal a chéile, racht gáire a líonadh an siopa beag dorcha, ar nós éan mór diamhair eicínt ag foluain a sciathán sa gcamhaoineach. A thúisce an racht sin díobh ag na mná thosaíodh gach beirt acu ag caint os íseal. Níor fhéad Muiréad ariamh bunúdar a ngáire, ná a dtóir ar thithe clainne, a bharraíocht. Snámhaí bocht spadchosach ar sheiche an chriathraigh a bheadh go deo inti, ag féachaint in airde ar na héanlaith ag spréamh a sciathán ar bhuaic an bhogha ceatha, agus ag seinnm a rúnphort i gcluais na gréine (Ciumhais: 48).

Bhíodh airleacan le fáil sa tseansiopa traidisiúnta agus, dá thoradh sin, bíonn aighneas idir na custaiméirí agus úinéirí na siopaí i gcuid de na scéalta ag an gCadhnach (*Cré* agus BGC). Bíonn na trí phraghas éagsúla ar earraí ag Siúán an tSiopa i *Cré na Cille*, ag brath ar chumas lucht ceannaithe na billí a ghlanadh:

> Gheobhainn mála mine ar phunt dá n-íocainn ar an tairne air. Dá bhfanainn go dtí lá an aonaigh, nó dá mba dea-dhíolaí mé, trí fichead. Mura mbeinn in a íoc go ceann leathbhliana nó trí ráithe, seacht fichead. Ba mhín agus ba mhilis thú leis an mbó mhór. Ba danra agus ba drochmheasúil tú leis an té nach raibh a phinn i gcúl a ghlaice aige. Míle buíochas le Dia gur tháinig sé sa saol nach bhfuil aon bheann againn ort faoina dhul á chasadh suas le do bhéal … (*Cré*: 87).

Ní bhíonn Bríd ag súil le *jaunt* ó Mike an tSiopa mar ní thabharfadh sé leis ach 'dea-dhíolaí, sin nó duine a raibh sé ag tnúthán lena chuid tráchta a thabhairt ón siopa eile chuige féin' (BGC: 124). Déanann Bríd machnamh ar na scillingí go léir a chuaigh isteach i scipéad an tsiopa – dealraíonn sé nach bhfuil ar a cumas greim a choimeád ar phingin ar bith toisc na dualgaisí go léir atá uirthi: 'Ach chuaigh an scilling sin freisin san áit a ndeachaigh na scillingeacha eile fré chéile ar feadh na seachtaine – i scipéad an tsiopa' (BGC: 123).

Bíonn teannas ann idir Muiréad agus Cáit an tSiopa (Ciumhais: 39). Is léir nach bhfuil Cáit róshásta go mbíonn Muiréad ag ceannach bia ón leoraí taistil seachas a bheith á

cheannach uaithi féin. Lorgaíonn Muiréad mála mine ó Cháit: 'B'eolas do Cháit an tSiopa, dar ndóigh, go raibh Muiréad ag déileáil leis an leoraí taistil. Chuirfeadh sí filleadh beag gangaideach ina béal: "Ag cuimhniú a dhul ar 'starababht,' a Mhuiréad … !" (ibid.)

Mar atá pléite agam thuas, samhlaítear sprionnlaitheacht agus meon an-diúltach le siopadóirí i saothar Uí Chadhain. Bíonn ar lucht ceannaithe cur suas le searbhas nó drochiompar ó na siopadóirí ar mhaithe le hairleacan nó ar mhaithe le cuideachta a bheith acu sa siopa. Bíonn aithne ag an siopadóir ar gach duine, duine lárnach sa phobal beag ab ea é nó í. Bhí gach éinne ag brath air nó uirthi. Is fiú cuimhneamh ar an *Speciality* sa scéal 'An Beo agus an Críon' (Ó Cadhain 1986; 'Beo'):

> Tuige nach mbeadh aithne ag an *Speciality* ar chuile dhuine? Ba ansin a rugadh agus a tóigeadh é agus a mhair sé ariamh. Bhíodh cách ina shiopa, sa *Speciality*, chuile ré solais agus sách minic idir an solas seo agus an solas seo chugainn (Beo: 111)

Faigheann Muiréad amach go mbeidh a cara Neainín ag pósadh. Is dise a cheannaíonn sí an bágún ón siopa. Ní bheidh Neainín ag teacht ar cuairt níos mó anois agus ní bheidh aon ghá ag Muiréad aghaidh a thabhairt ar an siopa (de Paor 1991, 205). In ainneoin sin, feictear don léitheoir go mbeidh leithscéal éigin ag Muiréad i gcónaí triall ar an siopa mar is rud lárnach ina saol é. Ceannóidh sí rud éigin ann díreach ar mhaithe le bheith i measc an chomhluadair. Nuair a bhíonn Muiréad ina haonar sa ghort, ritheann píosaí beaga cainte léi a chuala sí sa siopa nó i suíomh eile sóisialta. Cuimhníonn sí ar an saghas ruda a déarfadh Cáit an tSiopa: '... má ba dhaor leo é a dhul go dtí an leoraí' (Ciumhais: 41). Cuimhníonn sí ar ráiteas an tsaighdiúra, a té a phósfaidh Neainín: 'Dheamhan dochar a rinne fáscadh breá láidir d'aon bhean ariamh, a Mhuiréad …' (ibid., 43). Is deacair éalú ó smacht an phobail nuair a bhíonn an saol sóisialta á iompar timpeall ina hintinn aici.

### Meon an phobail bhig

Léiríonn Ó Cadhain cumhacht an phobail bhig sna gearrscéalta atá á bplé anseo agus san urscéal *Cré na Cille*. Cuid mhaith den chumhacht seo is ea an tslí go ndéanann na carachtair inmheánú ar thuiscintí agus ar mheon an phobail bhig. Féinsmachtú a bhíonn i gceist ina dhiaidh sin. Tá Muiréad buartha mar gheall ar an sagart. Conas a déarfaidh sí leis go raibh sí i gcomhluadar an tsaighdiúra a thug fáisceadh di. Níl aon rud déanta as an tslí aicise. An saighdiúr a rug greim uirthi in aghaidh a tola. Cén fáth go ndéarfadh sí rud ar bith leis an sagart? Féinsmachtú is ea é seo. Ní gá d'éinne sa phobal beag aon ní a tharraingt anuas leis an

sagart, ar an ábhar go bhfuil daoine sásta sceitheadh orthu féin. I ndeireadh an scéil, áfach, tá dóchas ann nach ndéarfaidh Muiréad leis an sagart in aon chor é: 'Ní fhéadfadh sí é a inseacht don tsagart' (Ciumhais: 63). Tá dóchas ann gur tosach nua atá ann di: 'Ach ba lá dá saol é! An chéad lá dá saol!' (ibid., 62).

San úrscéal *Cré na Cille*, tugann lucht na cille faoi na daoine a raibh tábhacht agus stádas ag baint leo san '*auld country*'. Bhí smacht ag an siopadóir ar bhaill an phobail bhig an uair go raibh ciondáil bia ar siúl, aimsir an Dara Cogadh Domhanda. Dar leo, bhí Siúán an tSiopa taobh le caimiléireacht de gach saghas agus í ag díol *clogs* a ghortaigh cosa na ndaoine (*Cré*: 88), caife in ionad tae a chráigh daoine eile (ibid., 89-90), agus fuair daoine eile fós bás 'cheal *fags* (ibid., 88) a bhí á choimeád siar ag Siúán do dhaoine áirithe. Cuirtear i leith Máistreás an Phosta go mbíodh sí ag oscailt na litreacha a bhí ar a slí chuig muintir na háite, go mbíodh sí á léamh, agus go raibh gach eolas príobháideach faoi bhaill an phobail bhig aici i bhfad sula raibh sé acu féin (ibid., 160–61). Bhíodh uisce á chur tríd an bhfuisce ag Peadar an Ósta agus airgead á ghoid ó na custaiméirí aige féin agus ag a iníon, dar le lucht na cille (ibid., 92–93). Níl aon ghá ag na corpáin le fuisce, tae, *fags* ná litreacha níos mó, is féidir leo a rogha rud a rá le Siúán an tSiopa, le Máistreás an Phosta agus le Peadar an Ósta. Tá saoirse cainte anois ag na corpáin nach raibh acu agus iad os cionn talún. Tá smacht an phobail bhig – an smacht sóisialta – ag briseadh as a chéile.

D'fhéadfaí a rá gur buninstitiúidí i bpobal tuaithe an siopa, Oifig an Phoist, an teach tábhairne, an séipéal, an scoil. Bhí stádas mór ag baint leis an siopadóir, leis an máistir nó an máistreás poist, leis an tábhairneoir, leis an sagart agus leis an máistir scoile. Tugann lucht na cille faoi gach duine acu san ach amháin an sagart. Bíonn na corpáin ag caitheamh anuas ar a dheirfiúr ceart go leor, an bhean a chaitheann bríste, ach ní théann siad chomh fada le hionsaí díreach a thabhairt faoin sagart féin.

**Conclúid**

Is féidir a rá go raibh feidhmeanna sóisialta éagsúla ag baint leis an siopa sa phobal beag traidisiúnta. Bhí airleacan le fáil ann, bhí comhluadar le fáil ann. Institiúid shóisialta ab ea an siopa beag. Ní dócha go bhfuil an fheidhm dheireannach seo ag baint le hollmhargaí áitiúla na laethanta seo. Tá tuiscint dhomhain, shocheolaíochtúil ar an bpobal traidisiúnta léirithe ag Máirtín Ó Cadhain. Is cinnte gur thuig sé an pobal as ar tháinig sé féin agus go raibh tuiscint aige ar phobail tuaithe ar fud Conamara agus, b'fhéidir, sa tír ar fad ag an am.

An tslí ina gcuirtear síos ar chás an duine aonair ag strachailt leis an bpobal ar de é i scéalta áirithe de chuid Mhairtín Uí Chadhain a bhí faoi chaibidil agam san alt seo. Rinne mé

iarracht úsáid a bhaint as roinnt de theoiricí Émile Durkheim chun fadhbanna an bhaill phobail, an duine aonair, a léiriú sna scéalta sin. Le blianta fada anuas tá an ball aonair den phobal traidisiúnta á léiriú mar dhuine eiseamlárach dá phobal dúchais, mar dhuine nach raibh aon indibhidiúlacht á leanúint. Déanann Alan Titley beag den argóint sin in alt ceannróideach dá chuid:

> Is é fírinne shimplí an scéil ná go bhfuil – agus go raibh – céannacht phearsanta indibhidiúil ag cách agus céannacht choiteann phobail ag an am céanna (Titley 2000, 289).

Caithfear a admháil go bhfuil an-dealramh leis an ráiteas sin. Is daoine aonair Muiréad (Ciumhais); Bríd (BGC); Caitríona (*Cré*) agus na carachtair eile go bhfaighimid léargas orthu i saothar Uí Chadhain. Tá cuid acu faoi bhrú agus faoi smacht, mar shampla J. (Eochair). Ach ní féidir a rá nach bhfuil iontu ach 'gnáthbhaill an phobail'. Cabhraíonn teoiricí Tönnies agus teoiricí Durkheim linn gnéithe áirithe den phobal traidisiúnta a thuiscint, ach cabhraíonn an litríocht linn feoil a chur ar chnámha bhaill an phobail sin.

**Buíochas**

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd a léigh dréacht den alt seo.

**Foinsí**


Brody, Hugh. (1973). *Inishkillane – Change and Decline in the West of Ireland*. Londain: Jill Norman & Hobhouse Ltd.

Coser, Lewis. (1984). 'Introduction', *The Division of Labour in Society* (Émile Durkheim a scríobh. Cuireadh an leabhar i gcló don chéad uair sa bhliain 1893). Londain: MacMillan Press.

de Paor, Louis. (1991). *Faoin mBlaoisc Bheag Sin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Delanty, Gerard. (2010). *Community*. Nua Eabhrac: Routledge.

Denvir, Gearóid. (1987). *Cadhan Aonair – Saothar Liteartha Mháirtín Uí Chadhain*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Durkheim, Émile. (1984/ 1893). *The Division of Labour in Society.* Londain: MacMillan Press.

Ní Riain, Isobel. (2002). *Carraig & Cathair – Ó Direáin*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ní Riain, Isobel. (2016). 'Gnéithe de Shaol an Oileáin in *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin*.' *Bliainiris* 11, 192-209.

Ní Riain, Isobel. (2015). 'Caidreamh ar Áit – Tábhacht na hÁite sa Saothar *Peig: A Scéal Féin*.' *Béascna* 9, 44-61.

Ní Riain, Isobel. (2017). 'An *Gemeinschaft* Oileánda: Léiriú Socheolaíochtúil ar an Leabhar *An tOileánach.*' *Béascna* 10, 35–48.

Ní Shúilleabháin, Éibhlín (2002). *Cín Lae Eibhlín Ní Shúilleabháin.* Arna chur in eagar ag Máiréad Ní Loingsigh. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Cadhain, Máirtín. (1984). *An Braon Broghach* Baile Átha Cliath: An Gúm. (‘An Bóthar go dtí an Ghealchathair’ (115–147), ‘An Taoille Tuile’(35–50), ‘An Bhearna Mhíl’ (103–113), ‘An Gheis’ (29-33), ‘Críonadh na Slaite’ (51-66).

Ó Cadhain, Máirtín. (1986). *An tSraith ar Lár*. Baile Átha Cliath: Sáirséal-Ó Marcaigh. (‘An Eochair’ (203-260), ‘An Beo agus an Críon’ (111-124).

Ó Cadhain, Máirtín. (1996). *Cré na Cille*. Baile Átha Cliath: Sáirséal – Ó Marcaigh.

Ó Cadhain, Máirtín. (2004). *Cois Caoláire*. Baile Átha Cliath: Sáirséal – Ó Marcaigh. (‘Ciumhais an Chriathraigh’ (36-63); ‘Fios’(26-35)).

Ó Criomhthain, Tomás. (2002). *An tOileánach.* Arna chur in eagar ag Seán Ó Coileáin. Baile Átha Cliath: Cló Talbóid.

Ó Direáin, Máirtín. (1984). *Selected Poems – Tacar Dánta*. Co. Chill Dara: The Goldsmith Press.

Sayers, Peig. (2003). *Peig – A Scéal Féin*. Arna chur in eagar ag Máire Ní Mhainnín agus Liam P. Ó Murchú. An Daingean: An Sagart.

Titley, Alan (2000). "‘An nóta pearsanta’ agus litríocht na meán-aoiseanna." In *Saoi na hÉigse: Aistí in Ómós do Sheán Ó Tuama*. Arna chur in eagar ag P. Riggs, B. Ó Conchúir agus S. Ó Coileáin, 261–301. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.